Glór Cheatharlach

SULT agus Seisiún

Cuirfear céad míle fáilte roimh chách chuig SULT, an imeacht míosúil trí Ghaeilge, ar an Déardaoin, 28ú Feabhra sa Teach Bar taobh le Teach Dolmain, Sráid na Tulaí. Tagann daoine le chéile ansin ar an Déardaoin deireannach de gach mí ag 9.00i.n. chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Is deis iontach í seo chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta agus aithne a chur ar chainteoirí Gaeilge eile sa cheantar. Beidh fáilte faoi leith roimh fhoghlaimeoirí na Gaeilge agus tabharfar deis dóibh an teanga a chleachtadh i suíomh nádúrtha.

Leanfaidh an oíche leis an seisiún traidisiúnta seachtainiúil. Bí ann agus fáilte!

Gluais:	Glossary:
imeacht	event
míosúil	monthly
taobh le	beside
taitneamh	enjoyment
deis	opportunity
seachtainiúil	weekly

Léiríodh "An Sicín Caillte" ag an bhféile drámaíochta anuraidh

Féile Drámaíochta na mBunscoileanna

Eagróidh Glór Cheatharlach Féile Drámaíochta do Bhunscoileanna in amhraclann G.B. Shaw ar an Mháirt, 12ú Márta i rith Sheachtain na Gaeilge. Tá cuireadh tugtha do mhúinteoirí agus bunscoileanna uile timpeall an chontae drámaí a ullmhú agus a léiriú ar an stáitse ar an lá. Tá roinnt mhaith drámaí cláraithe cheana féin agus páistí i mbun cleachtaidh. Is cinnte go mbeidh sceitimíní ar na daltaí agus iad i mbun aisteoireachta ar stáitse na hamharclainne.

Taispeántas a bhíonn i gceist san fhéile drámaíochta gach bliain leis an mbéim ar spraoi agus siamsaíocht seachas ar iomaíocht. Ní bhíonn comórtas ná duaiseanna san áireamh. Tá an ócáid oscailte do rang ar bith ó naíonaín bheaga go rang a sé. Is i rith am scoile a bheidh an fhéile ar siúl agus beidh fáilte roimh lucht féachana. Cead isteach saor. Tá gach eolas agus foirmeacha iarratais ar fáil ó Glór Cheatharlach ach glaoch ar 059 9158105, 085 1340047 nó rphost a sheoladh chuig eolas@glorcheatharlach.ie

Gluais:	Glossary:
féile	festival
cuireadh	invitation
amharclann	theatre
cleachtaidh	rehearsal
sceitimíní	excitement
stáitse	stage
comórtas	competition
lucht féachana	audience

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Paráid na Féile Pádraig i gCeatharlach

Tá na socruithe don mhórshiúl ar Lá le Pádraig i mbaile Cheatharlach fógartha agus beifear ag súil le tacaíocht agus rannpháirtíocht forleathan i mbliana. Tionólfar na rannpháirtithe ag 2.30i.n. agus cuirfear tús leis an mórshiúl ag 3.30i.n. Baileoidh na coisithe le chéile i gcarrchlós Penneys agus is ar Shráid na Boirne a dhéanfaidh na flótaí scuaine réidh don mhórshiúl.

Iarrtar ar scoileanna, clubanna spóirt, grúpaí rince agus drámaíochta, eagrais dheonacha agus an lucht gnó tacú leis an bparáid agus páirt a ghlacadh sa chomóradh. 'Sé téama na bliana seo ná Ceiliúradh Cheatharlach 2013 agus faoin téama áirithe seo luaitear an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach, Ceatharlach 800 agus Tóstal 2013. Beidh Banna na bPíobairí Ghleann Uisean ag soláthar ceoil . Siúlfaidh na Comhairleoirí áitiúla ag ceann na paráide agus ní bheidh aon seastán athbhreithnithe ann.

Mar sin le cinntiú go mbeidh mórshiúl den scoth ag baile Cheatharlach i mbliana cuirfear fáilte roimh gach tacaíocht. Iarrtar ar ghrúpaí clárú gan mhoill agus roimh an Luan, 11ú Márta ar a dhéanaí. Tá foirmeacha ar fáil ó Halla an Bhaile agus is féidir gach eolas a fháil ach glaoch ar 087 2857048.

Gluais:	Glossary:
socruithe	arrangements
mórshiúl	parade
tacaíocht	support
rannpháirtíocht	participation
coisithe	walkers
flótaí	floats
scuaine	queue
seastán athbhreithnithe	review stand

An-díol ar "As Toibreacha an tSlánaithe"

Tá an-éileamh ar an dlúthdhiosca "As Toibreacha an tSlánaithe" a seoladh i ndiaidh na Nollag agus tuairiscítear gur díoladh amach an chéad soláthar de 500 cóip taobh istigh de mhí amháin. Socraíodh ar mhíle cóip eile a ordú agus táid siúd ar díol anois i Mainistir na gCláiríneach, Mainistir na gCaipisíneach agus ins na hionaid pharóiste áitiúil.

Ar an dlúthdhiosca tá iomainn as Gaeilge leis An Athair Conn Ó Maoldomhnaigh agus Kathleen Nic Dhiarmada agus canann siúireacha na gCláiríneach Salve Regina agus Regina Caeli. Léann Seán Mac Diarmada, Siobhán Ní Shíthigh agus Bride de Róiste rogha de phaidreacha coitianta as Gaeilge chomh maith le sleachta as na scrioptúir. Ollie Hennessy a sholáthraíonn an ceol agus is eisean a léirigh an dlúthdhiosca i gcomhar le Glór Cheatharlach. €5 an costas nó €8 tríd an post. Tuilleadh eolais ó 087 2857048.

Gluais:	Glossary:
éileamh	demand
dlúthdhiosca	compact disc
seoladh	launched
soláthar	supply
iomainn	hymns
siúireacha	sisters
sleachta	excerpts
scrioptúir	scriptures

Midweek lotto to promote St Brigid's handball club

ST Brigid's Handball Club has just begun a midweek lotto bonus ball draw to raise much-needed funds. The National Lottery bonus ball every Wednesday night will be the winning number, with €50 each week as the prize. Tickets are €2 and are available from Mike Murphy, John Behan or any committee member. Winner on 13 February was Maria Behan (number 1).

CRETTYARD

Contact: **ALICE DOWLING, phone 056 4442235**

Peter Whelan and Andrew Dowling have reached the Leinster junior B final after very good performances in the quarter and semi-finals. In the quarter-final, they defeated Jason and Cory Murphy (Wexford), 21-12, 21-11 and in the semi-final defeated Diarmuid Burke/ Ger Anthony (Kilkenny), 21-20, 21-10.

U12BD: Ciaran Burke and Brian Brennan had to work hard for victory over Shane Murtagh and Finn Dempsey (Offaly), 15-7, 14-15, 15-5 in their Leinster quarter-final game, while Matt Kelly and Conor Mulhall did their best against David Farrelley (Meath) and Jack O'Brien (Offaly) in U12 and 13 singles, but were just not good enough on the day. In U17 singles, David Mulhall defeated Ronan Kelly (Westmeath), 18-21, 21-8, 11-2, but then went out to Robert Fox (Meath), 6-21, 9-21 in the quarter-final.

Fixtures: Friday 1 March at 7.30pm in Monavea, U12 doubles, Brian Brennan and Ciaran Burke v Dylan Crehan and Mikey Prendergast (Kilkenny).

Kathleen Burke cup: the club singles tournament continues with some good games being played. All three divisions are still very close, with the qualifiers from each group still in doubt.

Handball for beginners continues each Wednesday at 6pm in the alley.

WHIST

Top score at Newtown whist recently was won by John Graham; 1st lady: Ena Wallace; 2nd lady Mary Gowing; 1st gent Teresa Mulhare; 2nd gent Seamus Hennessy; 1st half: Margaret Brennan; 2nd half: Willie Farrell; 1st quarter: Annette Lawlor; 2nd: Betty Shore. Raffle winners: Kathleen Mooney, Hannah Moore, Maureen Coady, Michael Kennedy andSarah Hyland. Whist continues as usual on Saturday.

ROSARY

The Rosary is recited at Our Lady's shrine, Rossmore, each Sunday at 3pm.

SET DANCING

Classes continue in Behan's of Tolerton every Thursday at 8.30pm.

CRETTYARD GFC

Last week's winners in the Crettyard fundraiser were Ann Whelan, c/o John Whelan; Frances Purcell, Doonane; and Anne Murphy, Miners Walk. The winning numbers were 3, 4, 9, 21.